Polasaí Éide Scoile Scoil Chrónáin

Tá sé de dhulgas ar gach páiste éide scoile cuí a chaitheamh ar scoil gach lá:

- Bríste dubhghorm, geansaí dubhghorm agus t-léine bán do na buachaillí maraon le bróga dorcha.

- Sciorta plaid nó bríste dubhghorm, geansaí dubhghorm agus t-léine bán do na cailíní maraon le bróga dorcha le sál íseal

Iarrtar ar thuismitheoirí a dheimhniú go mbeidh ainm an pháiste scríofa go soiléir ar gach gné den éide scoile agus teacht chun na scoile má bhíonn ball éigin caillte.

Cuirtear éadaí caillte ar taispeáint sa scoil agus iarrtar ar thuismitheoirí teacht agus a gcinn féin a bhailiú sula gcuirfear chuig carthannacht iad.

Caithfear éide spóirt a chaitheamh aon lá a bhfuil corpoideachas ann e,g, cluichí, snámh, turasanna nó ócáidí eile, de réir mar a oireann. Caithfear bróga oiriúnacha spóirt do ghníomhaíochtaí spóirt. Níl boinn dubha ceadaithe sa halla mar is féidir leo an t-urlár a mharcáil.

Níl cead seoda, seachas fainní cluaise beaga ‘studs,’ a chaitheamh ag am spóirt.

Is féidir an sciorta plaid agus culaith reatha a órdú trí ‘Le Chéile’ Cumann na dTuismitheoirí ag na laethanta a leagtar amach go speisialta do sin. Cuirfear nóta faoi abhaile ón oifig roimh ré.